•Picéad i nDolre i ndiaidh gur tógadh Seán Ó Canainn nuair a dhlútaigh sé cúirt i mBéarla a aithint./A picket in Derry after Seán Ó Canainn was arrested following his refusal to recognise a court held in English.

Tábhacht Foghlaim na Gaeilge

Cad é an fáth ar chóir dúinn Gaeilge a Fhoghlaim?:

De thairbhe gur éirigh an Béarla chomh fairsing sin sa tír seo le céad bliain anuas, tá cuid mhór ann nach bhfuil a fhios acu gurb í an Ghaeilge teanga na tíre seo le dhá mhíle bliain. Le taobh na Gaeilge mar sin níl an Sacsbhéarla i bhfad uilig sa tír seo. Labhraíodh teanga bhur sinsir ar an oileán seo ar feadh dhá mhíle bliain agus is beag an dul chun cinn a rinne an Béarla go dtí le céad bliain anuas. Ba í seo oileán na Naomh is mBard, ba í seo lóchrann an chultúir agus na sibhealtachta nuair a bhí cuid mhór den Eoraip san aois dhorcha; nuair a bhí an mhuintir atá ár smachtú anois a ndathú féin le goirmín, bhí muidinne sibhialta agus bhí cultúr againne a spréigh ar fud na hEorpa. Gaeilge an teanga a bhí ag an mhuintir seo, ár sinsear. Ba Cheiltigh iad a tháinig go dtí an tír seo macasamhail dhá mhíle go leith bliain ó shin.

Mar sin de nuair a chuireann tú sin le taobh áithrithe a tharla sa tír seo le cupla céad bliain, tá tú ag trácht ar réamshampla a tharla corradh le dhá mhíle bliain ó shin agus níl briseadh ar bith i stair na Gaeilge sa tír seo le linn an ama sin uilig. Le céad bliain anuas go díreach, de thairbhe céadta bliain de dhaorsmacht agus de dhianbhrú, a thosaigh an Ghaeilge a mheath agus a ghéilleadh. Chomh luath agus a tharla seo mhothaigh tírghráthóirí gur mhór an feall é agus nach raibh a dhath i ndán don náisiún seo againne ach bás dá ligfí don Ghaeilge bás a fháil.

Bunaíodh Conradh na Gaeilge i 1893 agus gan amhras ar bith ba é seo an lá a chuir Conradh na Gaeilge tús le cogadh na Saoirse. An mhuintir a bhí páirteach i gConradh na Gaeilge bhí baint ag a bhformhór le Cogadh na Saoirse lena chois, agus leis an ullmhú idé-eolaíoch agus spioradálta a rinneadh ar mhuintir na hÉireann le streachailt le saoirse a bhaint amach. Go díreach mar tharla insna blianta roimh 1916, sílimse- an streachailt atá ann anois le saoirse a bhaint amach don chuid eile den tír - sílimse go dtug sin le fios do dhaoine cad é an rud iad, cé hiad féin agus tábhacht na teanga sa chomhthéacs sin.

Anois b'fhéidir go síleann cuid gaibh go dtig linne, Éireannaigh, a bheith saor agus Gaelach gan ár dteanga féin a labhairt ach ní chreidim go dtig linn. Ní shílím go dtig linn a bheith ar dhóigh ar bith neamhspléach agus muid chomh cóngarach seo do Shasain. Má ghlacann muid go bhfuil an cultúr Angla-Meiriceánach forleathan, an cultúr seo a dtugann Poblachtóirí i gcoitinne 'Coca Cola Culture' air, ní shílím go dtig

linn mairstin mar phobal neamhspléach gan ár dteanga a bheith againn. Is ionann gach abairt a fhoghlaimíonn sibh agus piléar i streachailt ar son na saoirse, is ionann gach cor cainte ar bhur dteanga agus bríce in athógáil mhór, athógáil an náisiúin Ghaelaigh. Ná seachnaigí an saothar tábhachtach seo de thairbhe go bhfuil rudaí eile le déanamh agaibh, bí cinnte go bhfuil rudaí eile le déanamh agaibh. Ach is é an bharúil atá agamsa gur fearr a chuirfeas sibh na hoibreacha eile seo i gcrích, mar Ghaeil, idir fhir agus mná, má ghní tú iad agus má bheir tú iarraidh gach lá rud éigin a fháil ar ais a chaill do shinsear agus a gheobhas bhur gclann ar ais le cuidiú Dé.

Ná bíodh amhras ar bith ort, ní thig le duine gan teanga éigin a labhairt - labhrann tú Gaeilge nó labhrann tú Béarla. Achan bhomaite a labhrann duine Béarla tá sé ag cur le cultúr agus le teanga na nGall ar an oileán seo. Achan bhomaite a labhrann duine Gaeilge tá sé ag cur le rud éigin ar linne amháin é. Tá sé ina dhubh agus ina bhán. Mar sin de de réir mar bíos sibh ag foghlaim bainigí úsáid as achan abairt a fhoghlaimíonn sibh. Dhá bhliain déag ó shin, phill mé ar Bhéal Feirste as Tír na mBascach, agus i measc na nithe a mhothaigh mé ansin, thug mé fá dear go mbainfeadh an mhuintir a bhí ar bheagán Bascaise, go mbaineadh siad úsáid as an bheagán a bhí acu. Bheireadh siad buíochas, chuireadh siad slán leat, chuireadh siad ceist ort cad é mar bhí tú, agus mar sin é. Bhí sin iontach coitianta. Thug mé iarraidh daoine a chur a dhéanamh sin-insna seachtóidí ach níor éirigh go ró-mhaith liom. Tá áthas orm a rá anois go gcluimim daoine, achan áit a dtéim, ag rá go 'raibh maith agat,' 'slán agat,' agus aroile. Is é seo an ola ar mo chroí.

Cad é gheobhas tú nuair a bhéas Gaeilge agat? Tá seantraidisiúin leis an Ghaeilge atá lán de shaibhreas. Tá béaloideas saibhir aici agus tá traidisiún saibhir ceoil aici idir amhráin agus damhsaí, rudaí a bhlaiss cuid agaibh a bheag nó a mhór cheana féin. Sílim gur cuid den chultúr ina iomláine í an teanga.

Iad siúd i bhur measc atá i ndiaidh toiseacht a fhoghlaim na Gaeilge, ba chóir daoibh a bheith ag brath a bheith ag teagasc na Gaeilge amach anseo. Mar shampla, chuala cuid mhór agaibh fán réabhlóid a tharla i Nicaragua i Meiriceá-Láir. Bhí an mhórchuid den phobal gan léann ach i ndiaidh tuairim is ar bhliain, bhí léann ag ochtó faoin chéad den phobal. Ba é an rud a rinne siad teagasc do uimhir áirithe daoine, theagasc siadsan do scaifte a bhí ní ba mhó na an chéad dream, agus theagasc an dara scaifte do scaifte a bhí ní ba mhó arís; as sin a tháinig. Má táimid fá choinne an tír seo a athGhaelú. caithfidh an módh seo a bheith in úsáid againn. Tá sé tábhachtach go bhfoghlaimneoidh sibhse Gaeilge chomh maith agus is féidir libh agus sibh gheall ar a bheith ag teagasc amach anseo do dhaoine eile an méid a d'fhoghlaim sibh féin - dá luaithe a dhéanfas sibh an teagasc sin is amhlaidh is fearr. Ghinfeadh an

méid sin spiorad a bheadh ina chuidiú mhór dúinn agus muid ag cruthú an náisiúin Ghaelaigh.

Caithfidh sibh a bheith ar bhur ndícheall agus sibh ag foghlaim na Gaeilge. Tá sibh go mór ar seachrán má shíleann sibh gur furasta an rud teanga úr a fhoghlaim. Seo mar tharlaíonn go ndéanann leithéidí 'Linguaphone' obair mhaith de thairbhe trádúla, ach is é rud go bhfuil siad ag iarraidh sibhse ccúrsa' a cheannacht a chosnódh £80 nó £90. Deir siad mar sin "Ar mhaith leat Fraincis a labhairt mar a labhrann siad i bPáras - thiocfadh leat a dhéanamh i gcionn thrí mhí dá gcaithfeá ceathrú uaire an chloig ina chionn achan lá." Níl ansin ach seafóid. Is féidir rud beag a fhoghlaim ar an dóigh sin, ar ndóighe, ach leis an fhírinne a dhéanamh, tá am de dhith ort. Mura bhfuil am agat achan lá nó achan tseachtain, bainfidh foghlaim na Gaeilge níos mó ama asat. Bíodh foighid agat. Caillfidh tú dóchas go minic ach caithfidh tú a bheith díograiseach. Ba ghnách le m'athair a rá go bhfaigheann foighid furtacht agus is fíor dó. Má bhíonn tú duthrachtach go leor coinneoidh tú leat go raibh sí agat. Is é an deacracht is mó atá ann go gcaithfidh tú glacadh leis gur obair fhada righin í an Ghaeilge a fhoghlaim agus nach bhfuil seachnadh ar sin.

Comhairle

Ina dhiaidh sin tá seo ann - go mbíonn aifeáltas ar dhaoine úsáid a bhaint as an bheagán atá siad i ndiaidh a fhoghlaim., is



•Cuid den scaifte a bhí i láthair ag éisteacht le Pádraig Ó Maolchraobhe./Seminar participants listen to Pádraig Ó Maolchraobhe.

measa cuid dena daoine ná cuid eile. Ach 'sé bun agus barr an scéil go gcaithfidh tú úsáid a bhaint as an bheagán atá agat. Is cuma fá mheancógaí a dhéanamh, níl sin tábhachtach, deirimid gur féarr Gaeilge bhriste na Béarla cliste. De gheall ar Dhia mar sin ná bíodh eagla oraibh go ndéanfaidh sibh meancógaí, níl an darna dóigh ann le foghlaim. Muscail bhur misneach, mar sin, gluaisigí libh isteach sa ghleo agus ná bígí buartha fá bheith ag déanamh meancóg. Sílim má théann sibh chuig rang go mbeidh rud eigin scríofa síos agaibh le hamharc siar air, ó sheachtain go seachtain. Tá béim sna ranganna ar labhairt na Gaeilge, tá mise i bhfách go hiomlán le sin. Ach mura bhfuil tagairt de chinéal eigin agaibh le dul chuige - má théann tú achan Luan, nó achan Déardaoin nó cibé - níl dóigh ar bith le dul siar ar an méid a rinne tú agus ní dhéanfaidh tú mórán dul chun cinn. Bígí cinnte go mbaineann sibh úsáid arís is arís eile as na habairtí a fhoghlaimíonn sibh achan tseachtain, sula dtéann sibh ar ais go dtí an rang. Bain úsáid astu le daoine a thuigeann iad, nó, mura bhfuil siadsan ann, le daoine nach dtuigeann, nó go fiu leat féin! Tá cleachtadh de dhith ort agus ní fiú fios a bheith agat cad é an chiall atá le rud mura n-abrann tú é.

Anois i dtaca le foghlaim. 'Sí an chomhairle atá agam beagán a dhéanamh ag an am amháin ach sin a dhéanamh go minic. Má théann tú go dtí rang achan tseachtain níor chóir duit suí síos Dé Domhnaigh le eigin a fhoghlaim a rinne tú Dé Céadaoine roimhe sin ach ba chóir duit rud beag a fhoghlaim achan lá. Go fiú nuair nach dtig leat comhrá iomlán a dhéanamh i nGaeilge ba chóir duit úsáid a bhaint as cibé rud atá agat. Is ionann gach abairt atá agat agus a rá gur Gael thú. Is ionann í agus a rá gur náisiún faoi leith muid agus í ag cuidiú leat foghlaim fosta. Is ionann gach abairt a bíos agat agus abairt eile i nGaeilge le cluinint in Éirinn agus ceann eile nach gcluintear i mBéarla. Mar sin de mura bhfuil agat ach 'Cad é mar tá tú', 'Tá mé go maith', 'Slán leat', 'Arís', bain úsáid astu i gcónaí.

Nuair a éiríonn tú rud beag dochasach, tá mé ag déanamh gur chóir duit a bheith ag iarraidh freastal ar an dara rang gach seachtain. Nuair a thig leat a bheith le Gaelgeoirí agus labhairt leo i nGaeilge tá lúchair ar an mhórchuid de na Gaelgeoirí go bhfuil tú ag iarraidh a bheith ag caint Gaeilge agus labharfaidh siadsan Gaeilge arais leat agus spreagfaidh siad thú le Gaeilge a labhairt.

Sa deireadh ba chóir duit iarraidh a thabhairt ar an Ghaeltacht. Nuair atá tú ag dul go dtí an Ghaeltacht, bíodh sé in do cheann, go húiriseal, go bhfuil tú ansin le foghlaim. Tá rud eigin acu a ba mhaith leat agat féin agus tá tú ag dul a bheith foighdeach go raibh sin agat féin. Ba é sin an spiorad a bhí sa Ghaeltacht ach ansin d'athraigh an Ghaeltacht i féin agus ba é teach tábhairne 'na slua amhránaíochta' lár ionad cruinnithe an phobail sa deireadh. Da thairbhe sin in áit a dhul go Gaoth Dobhair a dh'airneáil nó a chuartaíocht sé rud go dtéann muid a fhad le Teach Hlúdaí Bhig i nGaath Dobhair agus ní labhrann muid le

duine ar bith. Caithfidh pillleadh ar an bhunfhoghlaim. Caithfidh tú dul síos agus an bharúil agat go bhfuil tú ag iarraidh rud mór a bhaint amach agus caithfidh tú á gcuidiú a iarraidh ar na daoine sin.

Tá sé níos deacra agat Gaeilge a fhoghlaim gan leabharthaí a bheith agat le cuidiú leat. Mar sin de nuair atá beagán foghlamtha agat má thig leat leabhair páistí a fháil, leabhair léitheoireachta ar furasta a léamh, coinnigh ag obair leo agus is mór an cuidiú a bheir siad sin duit. Beidh ábhar na léitheoireachta a bhéas idir lámha agat cineál páistiúil ach is cuma fá sin. Má Tá dúil ar bith agat i leabhair is cinnte go mbeidh mbeidh a bheagán nó a mhórán bainte ag leabhair leis an mhódh foghlama a bheas agat. Tá aithne agam ar dhaoine a labhrann Gaeilge nach ndeachaigh i muinín leabhar ariamh ach tá sé níos deacra agus dá mhéad dá léann tú is gaiste a fhoghlaimneos tú. Amach anseo, le cuidiú Dé, nuair a bheas an Ghaeilge níos fearr agat, tá litríocht iomlán agus tá cultúr iomlán agus tá dóigh eile maireachtála agus achan lá mothóidh tú go bhfuil tú ag teacht isteach ar rud eigin a thógfás thú agus mothóidh tú go bhfuil tú ag pillleadh ionsair do phréamhacha ionsair an dóigh ar ghnách le do mhuintir mairstin.


Agus sin an rún atá againn. Ní dul siar go dtí aois eile ach pillleadh arís ar ár ndúchas. Ar an dóigh sin cuirfidh deireadh ar an choimhthíochas a eascrann as sinn a bheith faoi smacht ag Impiriúlaithe.

Beidh moll curtha ar an dí-chóilíníú. Má tá luachanna agus cultúr na Sasana ag muintir na hÉireann nuair a fhágfaidh na Gaill. Ní hionann saoirse agus imeacht na Sasana amháin ach fosta sinne droime láimhe a thabhairt do ábharachas agus féin saint an chórais chalpitligh.

Pádraig Ó Maolchraoibhe



•Gearóid Ó Calrealláin



•Pádraig Ó Maolchraoibhe

An Ghaeilge agus an Pobal

Bhí an díospóireachta sa tslopa oibre seo lárailthe ar an dóigh a bhféadfaí eolas an phobail ar an Ghaeilge agus an mhéadú agus an dóigh a bhféadfaí Gaeilgeoirí a spreagadh leis an Ghaeilge atá acu a úsáid.

Ag méadú an eolais: mar phearsa.

Mar phearsa ba chóir duit úsáid a bhaint as an méid Gaeilge atá agat. Más féidir cailt fáinne nó suaitheantas Gaeilge. Ba chóir d'fhoghlaimoírí an suaitheantas 'Beidh Gaeilge agam' a chaitheamh.

Bain úsáid as an leagan neamhthruaillithe de d'ainm i. an bunleagan Gaeilge. Moladh gur chóir do dhuine ar bith atá ag fáil liúntaisí D.H.S.S. scríobh chuig an bhord a bhain leis lena sloinne a fháil ceartaíthe ar na doiciméidí oifigiúla. Thig le aturnaí ar bith comhairle a thabhairt fá ghníomhas aonpháirtí. Is féidir na foirmeacha neamhthruaillithe Gaeilge den tsloinneadh a fháil in 'An Sloinneoir Gaeilge agus an t-Ainmneoir' le Muiris Ó Droighneáin. Aon uair amháin a cheartaíonn tú do shloinne bain úsáid as.

Bancanaí: Cúlreann Idir Bhanc Aontas na hÉireann agus Bhanc na hÉireann seiclabhartha agus seirbhísí eile ar fáil i nGaeilge agus ba chóir úsáid a bhaint as na rudaí seo.

Ranganna: Ní gá fanacht le duine eile rang Gaeilge a chur ar bun. Ina áit sin ba chóir d'fhoghlaimoírí a ranganna féin a chur ar bun nó séisiúnacha cleachtadh i gclubanna C.L.G., Iárionaid pobail, srl., a reachtáil. Ní thig le grúpa ar bith a bheith róbheag agus is i ngnáth-thithe a bios cuid do na ranganna is fearr. Coinnigh cuimhne ar seo duine ar bith a dtig leis Gaeilge a labhairt thig leis i a theagasc.

Leabharlann: Gheobhfar freagra ó chraobhacha den leabharlann má chuireann lasachtaíthe iarrataisí isteach. Cad chuige nach n-iarrann tú roinn Gaeilge sa leabharlann áitiúil. Folláistear cuid mhór leabharthaí sármhaithe do pháistí i nGaeilge agus ba chóir go mbeadh le fáil ag an leabharlann áitiúil.

Eolas a mhéadú mar ghrúpa:

Ar tús ba chóir go mbeadh na comharthaí uilig i nGaeilge ina gcuid clubsheomraí ag cibé grúpa a bhfuil tú i do bhall dó (Sinn Féin, C.L.G., Cumann Pobail, srl.). Glacann daoine go fonnmhar le comharthaí Gaeilge agus is annamh a théid siad a ghearán fá 'gan a bheith ábalta iad a thuigbheáil'.

Ba chóir ainm Gaeilge an ghrúpa a úsáid i mbolscaireacht agus ar pháipéar litreacha atá ceannlinithe srl. Ba chóir tagairt a dhéanamh don cholste mar: Cathaoirleach, Rúnaí, srl.

Comharthaí Sráide: Ba é Cill Uaighe an chéad phríomhcheantar ar na saolta deireannacha seo a chuir suas comharthaí sráide Gaeilge in aice leis an leagán Béarla. Ón tús seo rinne cuid mhór ceantreacha i mBéal Feirste chomh maith le Doire Cholmchille agus le Iúr Cinn Trá an t-athrach go dtí dhá theanga.

Ba chóir pobal an cheantair a ghríosú leis an ainm Gaeilge a úsáid a luaithe a théid sé in airde. D'fhéadfaí seo a dhéanamh dá

gcuirfí cárta in achan teach ag miníu an ainm Gaeilge agus ag tabhairt chod an phoist. Is féidir eolas a fháil fá fheachtas sráinainmniú, fá chuidiú do chomhairle áitiúla a fháil agus fán dóigh le do chomharthaí féin a chur ar fáil, is féidir eolas a fháil ó Sinn Féin 51-53, Bóthar na bhFál, Béal Feirste 12.

De ghnáth cuirfidh slopaí fáilte roimh chomharthaí mar Oscailte/Druidte agus b'fhéidir go ndíolfadh siad cuid den chostas. Seans go gcuirfeadh slopaí a n-ainmneacha in airde i nGaeilge, ba chóir ceist chur. Is féidir comharthaí atá ag fóirstean do shlopaí a fháil ó 'Glór na nGael (86, Sr. Gardnar Iocht., Baile Átha Cliath, 1. Telefón: 752231) agus ó Sinn Féin i nDoire (Oifigí Sinn Féin, Sráid an Chabla, Doire Cholmchille).

Feachtaisí Póstaerí: Is féidir póstaerí a úsáid le daoine a chur a chaint Gaeilge, le ranganna a chur in iúl don phobal, nó le taispeáint don phobal go mbaintear úsáid as an Ghaeilge.

Tá póstaerí dathannacha le fáil ó Bord na Gaeilge (7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath), Conradh na Gaeilge (6, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath) nó ó shlopaibhair Gaeilge Bhéal Feirste, An Ceathrú Póilí, (25 Sráid Dulbhais, Béal Feirste BT 12 4 DR.

Nuachtáin: Is é 'LÁ' páipéar laethiúil Gaeilge Bhéal Feirste - tabhair tacaíocht di. Mura gcoinníonn do nuachtánaí an páipéar seo i stoc ná an páipéar Domhnaigh, ANOIS iarr orthu toiseacht a stocáil.

Imeachtaí Sóisialta: Ba chóir clubanna sóisialta a ghríosú le seasamh níos cruthaithí a ghlacadh fán teanga náisiúnta agus fán chultúr.

Iarr ar an chlub i do cheantar féin Oíche Gaeilge nó Oíche Airneáil a reachtáil. Chomh maith leis sin iarr ar ghrúpaí ceoil amhráin a rá i nGaeilge. Tá amhrán Gaeilge ina stór ag an mhórchuid acu ach is é an leithscéal atá acu nach n-iarrtar orthu iad a rá. Ba chóir Gaeilgeoirí agus foghlaimoírí a bhrostú le dul chuig imeacht cultúrtha ar bith a shocrófaí.

An Óige: Is beag seans a bios ag an mhuintir óga úsáid a bhaint as an teanga amach ó, b'fhéidir, an baile nó an coláiste Gaeilge. Ba chóir iarraidh ar na Cumainn Óige agus ar mhuintir na Iarionad pobail a thuilleadh a dhéanamh ar son an teanga. D'éirigh go maith le ranganna don mhuintir óga i ndá cheantar i mBéal Feirste.

ACHOIMRIÚ

1. Tá ócáidí breise a dhíth ar fhoghlaimoírí le úsáid a bhaint as an teanga taobh amuigh den rang. Is féidir oícheanta airneáil a eagrú i dtithe foghlaimoírí éagsúla ach ba chóir go mbeadh tuilleadh clubanna ag reachtáil oícheanta Gaeilge.

2. Tá sé riachtanach go mbeidh feachtais ann leis an teanga a chur chun cinn a bheas leanúnach agus gan iad a bheith neamhrialta ag toiseacht seal agus ag dul i laige seal eile. Ba chóir d'oibríthe sa teanga a bheith ag siorspreagadh, ag síorúsáid na teanga.

3. Is é is brí leis an teanga a dhéanamh níos "sofheicthe" i measc an phobail ná go spreagfar daoine le suim a chur ina dteanga dhúchais agus lena chois sin le léiriú go bhfuil an teanga beo.

4. Tá álsionad láir a dhíth a dtig le duine eolas a fháil, mar shampla, ar ranganna agus ar ghléasra.

CATHAOIRLEACH: - BAIRBRE DE BRÚN
TUAIRISC le SEÁN Ó DUBHDA

DEACRACHTAÍ LEIS AN GHAeilGE

Ba é an deacracht a ba choitianta i measc an ghrúpa gur mhothaigh siad nárbh fhéidir an teanga a fhoghlaim. Cheangal cuid acu an mothú seo leis an fhíríc gur fadálach an obair Gaeilg a fhoghlaim go háirid mura bhfuil an foghlaiméoir ag freastal ach ar rang amháin sa tseachtain.

Dar le cuid eile nach raibh siad dúthrachtach go leor le bheith ag foghlaim na teanga thar seal fada ama agus nach raibh siad ag fáil a sáith spreagtha óna múinteoir.

Dúirt cuid den ghrúpa go dtáinig siad a fhad le pointe áirid nuair a bhí siad ag foghlaim nach dtiocfadh leo dul chun cinn a dhéanamh ní ba mhó. Chonacthas daofa go gcastar an "balla" seo ar dhaoine i ndlaidh thar fa naoi mí ag foghlaim agus thug sé ar dhaoine éirí as a gcuid ranganna.

Ba é an deacracht a bhí ag cuid mhór ban sa ghrúpa nach raibh siad ábalta freastal ar rang ar bith. De thairbhe nach raibh naoilann ann le rang ba deacair dul chuig rang ar bith.

Dúirt na foghlaiméoirí uilig go dtáinig aifealtas orthu nuair a dúirt siad na chéad foclaí sa rang agus le foghlaiméoirí eile. D'imigh an aifealtas seo go gairid ina dhiaidh sin le cuid acu ach le daoine eile bhí sé ina ualach orthu ar fad.

Dúirt fear amháin go raibh barraíocht béime ar ghramadach sa rang agus gan go leor ar chomhrá, rud a bhí ní ba tábhachtaí. Dar le duine eile go dtug múinteoirí áiride iarraidh barraíocht a theagasc ag an am amháin agus go bhféadfaí ceachtanna sa rang a bhriseadh síos i bhfad ní ba mhó. Mar shampla, in áit 'agam' síos fríd go dtí 'acu' a theagasc in aon o'che ba chóir go direach 'agam' agus 'agat' a theagasc. Dúirt cuid de na foghlaiméoirí gur labhair a múinteoirí barraíocht fan Ghaeilg (gramadach agus rialacha) sa rang agus nár labhair siad go leor i nGaeilg. Cheartaigh, arsa sladsan, cuid den na múinteoirí na foghlaiméoirí go rómhínic agus gur chóir ligint do chormmheancóg le go mbeadh leanúchas sa rang agus go mbeadh uchtach ag an fhoghlaiméoir.

Milleann na rudaí seo a leanas rang ar bith: Múinteoir ag teacht go dtí an rang mall; callán i seomra an ranga; an rang curtha ar ceal go rómhínic; múinteoirí ag teacht go dtí an rang gan a gcuid oibre déanta réidh. Bhí achan duine ag teacht le chéile fá seo.

Ba é an phríomhdheacracht a bhí acu mar ghrúpa an Ghaeilg a d'fhoghlaim siad a chleachtadh. B'fhurast agus ba rófurast seachtain a chaitheamh ó rang amháin go dtí an chéad cheann eile gan an Ghaeilg a d'fhoghlaim siad a chleachtadh. Lena chois sin bhí feasbhaidh ábhar fóirsteanach léitheoireachta ann d'fhoghlaiméoirí, mar ní leabharthaí Gaeilg ann do ranganna litearthachta do dhaoine fásta, mar tá sa Bhéarla.

CATHAOIRLEACH agus TUAIRISCEOIR: PÁDRAIGH Ó MAOLCRAOIBHE

Cad chuige an Ghaeilge?

Bhí trí fháth ann, dar le heagraithe an tseimíneáir, a raibh sé tábhachtach ag foghlaiméoirí an cheist seo a phlé, mar atá:

1. Le go bhféadfadh na foghlaiméoirí (don chéad uair le cuid acu) na bunchúiseanna agus na fáthanna ar fhoghlaim siad an teanga a scrúdú.

2. D'fhéadfaí an fhaisnéis a gheobhfaí ón tsiopa oibre a úsáid i bhfeachtais amach anseo le ranganna Gaeilge a spreagadh. Mar shampla, dá mbíodh formhór na ndaoine ag foghlaim Gaeilge ar fáthanna a bhain leis an troid náisiúnta, ba chóir béim a chuir le tábhacht na Gaeilge sa chomhthéacs náisiúnta ar phóstaearí srl., ag fógrú ranganna Gaeilge.

3. Le go mbeadh díospóireacht ar na fáthanna ar shíl Sinn Féin go raibh sé tábhachtach ag daoine Gaeilge a labhairt.

Ba deacair le bunús na ndaoine a bhí páirteach sa tsiopa oibre, ba deacair leo freagra beacht a thabhairt ar an cheist: "Cad chuige a bhfuil tú ag foghlaim Gaeilge?" Os a choinne sin, de réir mar d'fhorbair an díospóireacht bhí tuigbheáil acu d'fháthanna éagsúla leis an Ghaeilg a fhoghlaim a luaigh an cathaoirleach nó baill eile den pháirt. I ndeireadh an tseisiúin a mhair uair a chloig haontaíodh d'aonghuth nach raibh fáth ar bith ann féin a spreag daoine leis an teanga a fhoghlaim ach go raibh comhcheangal d'fháthanna ann.

Mothúcháin domhínithe.

Ba é an míniú a bhí ar seo gur chóir agus gur dhúchasach ag Éireannaigh teanga na hÉireann a labhairt. Bhí dáimh dhúchasach acu leis an teanga agus cíocras orthu a bheith ábalta í a labhairt. D'fhéadfaí seo a cheangal le 'mothú clontachta', de ghnách nuair a chuala siad Gaeilgeoirí, de thairbhe nach raibh siad féin ábalta a dteanga dhúchais a labhairt. 'Áilleacht' na teanga, mar chuir duine amháin síos air, a bhí ar na fáthanna ar chinn sé ar an Ghaeilg a fhoghlaim. Fáthanna Náisiúnacha.

Mháigh achan duine go raibh bród orthu as a ndúchas Gaelach agus go raibh siad sa tóir ar a n-oidhreacht. De thairbhe gur mhaith leo cur in éadan ansmacht Sasanach agus gut aithin siad go bhfuil cosc cultúrtha, shocraigh siad go pearsanta go gcuirfeadh siad in a n-éadan sin ag foghlaim na teanga náisiúnta. Dúirt Poblachtánach amháin sa pháirtí go raibh foghlaim na Gaeilge ina coiscéim lóighciúil agus go raibh sé ag cur lena chreideamh gu chóir achan chinéal impiriúlachais a chloí.

Síleadh gur chóir do mhuintir na hÉireann athsheilbh a ghlacadh ar a n-oidhreacht le go mbeadh 'Éire Nua' Gaelach. Dúirt cuid eile go bhfachas daofa gur gléas troda an Ghaeilg sa chomhrac iomlán in éadan na Breataine óir bhí sí ina siombal de throid na hÉireann in éadan Sasana agus d'ollmhian mhuintir na hÉireann fá choinne saoirse. Ba ghléas í an teanga le muintir na hÉireann a cheangal in éadan na dtioránach - 'B'ionann teanga amháin agus pobal amháin'.

Tionchair.

Bhí tionchar cairde i measc phobal na nGaeilgeoirí ríthábhachtach mar fháth ar shocraigh cuid mhór den pháirtí ar Ghaeilg a fhoghlaim. (Os a choinne sin dúradh go raibh cuid dá gcairde go dubh in éadan an smaointithe). Dúradh go raibh Gaeilgeoirí mórchúiseach san am a chuaigh thart ach go dtáinig athrach millteanach ar an scéal ar na mallaibh.

Mar sin féin caithfidh a thuilleadh Gaeilgeoirí cruaidh a chur orthu féin le eiseamláirí a dhéanamh daofa féin i 'gcroabhscaoileadh' na teanga.

I gcásanna áiride spreag baill dá theaghlach daoine le freastal ar ranganna. Bhrostaigh roinnt tuismitheoirí a gclann agus i gcásanna eile fuarthas spreagadh ó dheartháirí nó ó dheirfiúracha a raibh Gaeilg acu.

Dúirt cuid den ghrúpa gur shocraigh siad ar Ghaeilg a fhoghlaim i ndiaidh laethe saoire a chaitheamh in áiteacha a dtugadh Sasanaigh orthu de thairbhe go raibh tionchar dionbháilte orthu i ndiaidh turas chun na Gaeltachta nó chuig ceantar sa Bhreatain Bhig a raibh Breatnais ann. Dúirt duine amháin gur fhás an tsuim a bhí aige sa teanga agus san oidhreacht náisiúnta as eachtra shimplí go gairid i ndiaidh dó dhul ar imirce chun na Stáit Aontaithe. D'iarr leanbh, a raibh a fhios aige gur Éireannach a bhí aige, d'iarr sin air roinnt foclaí a aistriú go Gaeilg dó do thionscnamh ar scoil. Ó tharla gan Gaeilg ar bith ag an Éireannach ní raibh sé ábalta an t-aistriú a dhéanamh ach chuir sé a mheabhrú é agus thug air pilleadh go hÉirinn áit ar thoir sé ar an bhomaite a fhoghlaim na teanga.

Oideachas Gaelach.

Chuirfeadh sé iontas ar dhaoine a mhéad acu sin dá raibh i láthair a bhí ag foghlaim na teanga de thairbhe clann a bheith acu ar Scoil Ghaelach Bhéal Feirste. Dar leo go gcuideoidh sé le oideachas an pháiste dá mbíodh siad ábalta Gaeilg a labhairt sa bhaile i ndiaidh am scoile. Lena chois sin ní bheadh an Ghaeilg ag na páistí i gceart mar chéad teanga in áit mar an dara teanga i ndiaidh an Bhéarla ach dá mbíodh fáil acu í a labhairt. Ba é an bharúil a bhí acu dá bhfoghlaiméoidh siad féin an teanga go raibh siad ag taispeáint dá gclann go raibh siad dáiríribh fán teanga.

An Bealach Chun Tosaigh.

Bhí sé sonraíodh nár dhúirt oiread agus duine amháin dá raibh i láthair go raibh tionchar ag na hagóidí atá ag dul ar aghaidh san am i láthair fa chearta Gaeilgeoirí (m.sh. preas-ráitis ag gearán fá fheasbhaidh cláracha Gaeilge ar B.B.C.) go raibh tionchar ag

an meid seo air. Dar leo gur tábhachtaí i bhfad teangbháil phearsanta a bhí acu féin le Gaeilgeoirí.

D'iarr an cathaoirleach ar an ghrúpa dóigheanna eile a mholadh a dhéanfadh foghlaim na Gaeilge ní ba taithneamhaí. Seo a leanas cuid de na moltaí sin:

Bolscaireacht dhátheangacha fríd chan amháin póstaerí ach an meán cumarsáide ag cur béim ar thábhacht na Gaeilge. Bheadh feachtas a dhíth sna Sé Chontae cosúil leis an fheachtas 'Is cuid dár ndúchas í' ag Bord na Gaeilge.


An Ghaeilg a cheangal le saol an phobail agus de thairbhe sin bheadh sí ina cuid insantaithe (agus b'fhéidir ina cuid riachtanach) den tsaol sin. Ógchumann Gaeilge agus discónna Gaeilge a reachtáil áit a mbeadh Gaeilg á labhairt agus b'fhéidir roinnt amhrán Gaeilg á seinm le go gceapfaí samhailt na ndaoine óga.

hAontaíodh nár bh féidir foghlaim na teanga a chur chun tosaigh i gceantracha dílseoireachta mar gheall ar dhoicheadh na ndílseoirí roimh chomharthaí ar bith de náisiúnachas na hÉireann. Mar sin féin d'fhéadfaí ranganna a chur ar siúl i lár na cathrach a ligfeadh do dhaoine as ceantracha dílseoireachta a bhíodh ag iarraidh Gaeilg a fhoghlaim a theacht agus sin a dhéanamh.

CATHAOIRLEACH: MÁIRTÍN Ó MUILLEOIR

TUAIRISC: SEÁN MAG UIDHIR

Tá Seán Mag Uidhir ina dífgeach cultúir do shinn Féin i dTuaisceart Bheáil Feirste. D'fhoghlaim sé a chuid Gaeilge i gCampa na Ceise Fada.



Domhnall Ó Lubhláil i mbun cúrsa teagasc do mhúinteoirí Gaeilge i mBéal Feirste. /Well-known Irish educationalist Domhnall Ó Lubhláil pictured during a teaching course in Belfast.

An Ghaeilg agus an Streachailt Náisiúnta

(Seo gearrthuirisc ar dhíospóireacht fhorleathan uair a chloig. Tá bunús na mbarúlacha a cuireadh i bhfríotal curtha síos agus tá moltaí ón ghrúpa curtha i gcló throm).

Cuireadh an siopa oibre ar slúil ag an chathaoirleach le trí cheist: Cad é an bhaint a bhí idir an Athbheochán Chultúrtha agus an Streachailt Náisiúnta?

An mbaineann an Athbheochán Chultúrtha leis an Streachailt Náisiúnta?

An mbaineann an Streachailt Náisiúnta leis an Athbheochán Chultúrtha?

Bhí an díospóireacht láraithe ar na ceistanna seo.

Bhíothar ar aon intinn go raibh baint dhearfa idir an Streachailt Náisiúnta agus an Athbheochán Chultúrtha. Dar leo go raibh seo ní ba soiléire ón stailc ocras in 1981 agus ó Agóid na bPluideanna a tháinig roimpe. Ó d'fhoghlaim siad an Ghaeilg i gcolnóillacha uafásacha, gan pinn, gan leabharthaí shaothraigh na Fir Pluide ardmheas mhuintir na hÉireann agus thuig na daoine don mhian seo a bhí acu an Ghaeilg a fhoghlaim agus a labhairt. Dá bharr seo b'ionann úsáid na Gaeilge agus streachailt na bpriosúnach agus an Streachailt Náisiúnta.

Cúlra Stairiúil agus Cosúlachtaí Stairiúla.

Cuireadh ar a súile don lucht éisteachta gur socrú polaitiúil ag na Sasanaigh an teanga agus an cultúr a scrios. Ghlac na Sasanaigh le polasáí seo an scriosta mar theip orthu mhuintir na hÉireann a dhéanamh cosúil leo féin ainneoin gabháil i ndialdha gabhála ó aimsir na Normannach anall.

Cuireadh ord agus béim ar mhilleadh seo an chultúr i ndialdha Cogaiócha Uilliam agus nuair a cuireadh na Péindlíthe i bhfeidhm.

Rinneadh calbidil ar na modhanna ar baineadh úsáid astu. Orthu seo bhí an Bata Scoir, brú an Bhéarla chun tosaigh ar pháistí scoile, agus an riachtanas a bhí le Béarla ag áit margaidh. Ba é an deireadh a bhí ar an scéal gurb ionann forbairt eacnamaíochta agus sóisialta agus úsáid an Bhéarla, agus nósanna agus chultúr na nGall. Lena chois sin bhí foghlaim agus úsáid an Bhéarla thar a bheith riachtanach le go dtabharfadh duine a bheatha i dtír.

Ar scor ar bith, i ndialdha céadta bliain de dhaorsmacht tháinig an Ghaeilg slán. Tugadh í ó ghlún go glún tríd bhéalóideas i mbotháin bheaga agus i gcróite beaga ar fud Éireann. Ag an am chéanna bhí daoine ann ar mhaith leo céimíocht agus ollmhaoin an tsaoil a bhaint amach daofa féin agus dhíol siad a n-oidhreacht agus a dtraidisiúin ar mhaith le uisce a tharraingt ar a mulleann féin. Dúradh gur féidir na 'fir gaimbín' seo a chur i gcomórtas le leithéidí Hume, Uí Eochaidh agus Mhic Gearailt a

bhí rannpháirteach i ndíol fhlaithes na hÉireann agus oidhreacht na hÉireann. De thairbhe na páirte seo a ghlacann siad i ndíol fhlaithes na hÉireann leis an cheannaitheoir is airde san Eoraip agus Meiriceá tá ionadaithe seo an status quo ag cur le cultúr agus le dearcaidh 'Coca-Cola Angla-Mheiriceánach' - le hamhleas chultúr na hÉireann.

Dúradh gur thuig na Saorstáitairí féin an ceangal idir an teanga agus an streachailt ar son saoirse. De bhíri go raibh eagla orthu go spreagfadh cur chun cinn na teanga dóchas mhuintir na hÉireann a dhiúltaigh siad ó bhainte amach na 'saoirse' an teanga a athbheochan. Dá neartófaí oidhreacht mhuintir na hÉireann, dar leis na Saorstáitairí, ba deacair féinfhlaithes mhuintir na hÉireann a dhíol, chomh maith lena neamhspleáchas agus a n-acfuinní le cairde an Impiriúlachais. Cultúr an 'Coca-Cola'.

Chuaigh an díospóireacht ar aghaidh le caint ar an dóigh a dtig leis na Breтанаigh agus le himpiriúlaithe eile smacht agus tionchar a chur ar mhuintir na hÉireann le tabhairt orthu glacadh lena nósanna, lena gcluichí, lena ndamhsaí agus eile fríd oideachas, an tellfís, agus an mheán cumarsáide go ginearálta. Miníodh an dóigh a bhfuil cur chun cinn na bhfaisne, na n-amhrán, na gcluichí, srl., ag an mheán cumarsáide ceangailte do lucht ábhalmhór an bhrabúis agus na tráchtála, a dhirítear go mormhór ar an mhuintir óga. Ba chóir d'achan duine a bhfuil baint aige le cur chun cinn na teanga a rá amach gos ard go gcaithfeair cur in éadán an chultúir Angla-Mheiriceánaigh. 'Sé an dóigh is fearr le dul chun spairne le smacht agus tionchar an chultúir seo daoine a fháil amach as na títhe chulg ranganna Gaeilge agus a leithlis agus a n-uaigneas a bhriseadh síos. Bheadh seo ina chuidiú mhór le seanmhothú an phobail a callleadh a athógáil.



Naiscoil Ghaeilge. Ard Eoin i mBéal Feirste. /The Ardoyne Irish Language Nursery School opened in September, 1984.

Cur chun cinn na teanga.

Shíl cuid den ghrúpa gur scar cuid mhór de dhiograiseoirí na Gaeilge iad féin ón Poball náisiúnach. Ba chuid den fháth a bhí leis seo nach raibh siad ábalta tuigbheáil go hiomlán na fáthanna ar scríosadh an teanga agus ar scar an pobal iad féin uathí. Dá thairbhe sin bhí gluaiseacht na teanga scalte i smaointe agus i ngníomhartha agus dhearc bhunús náisiúnaithe an lucht oibre uirthi mar ghluaiseacht 'Intleachtacht' a bhí scartha ón phobal. Dúirt cuid mhór daoine go raibh claonadh roimhe seo ag Gaellgeoirí gan aird a thabhairt orthu sin nach raibh an teanga acu agus thug daoine ceann corr do na Gaellgeoirí dá bhí sin. Bhí aca duine ar aon intinn gur athraigh an dearcadh seo go mór. Síleadh go raibh an polasaí ceart ag Sinn Féin an teanga a thabhairt chuig an phobal agus an clóca rúndiamhrach a bhaint de fhoghlaim na teanga.

Páirt na nEagraíochtaí Náisiúnta.

Dúirt roinnt daoine go dtiocfadh le C.L.G. páirt thábhachtach a ghlacadh i gcur chun cinn na teanga (tá cuid de na cumalinn á dhéanamh seo.) Pléadh an bharúil gur chóir an mhuintir óga a spreagadh le páirt a ghlacadh i ndamhsaí agus i gcluichí na hÉireann. Dúirt stócach a bhí i láthair gur chóir don C.L.G. Irisí snasta ar chluichí Gaelacha a shólathar cosúil leo siúd fán tsacar nó bhí tionchar mór ag an 'mhealltacht' ar an mhuintir óga. Lena chos sin thug sé cur síos ginearálta na fadhbanna a bhí aige féin nuair a bhí sé ag dul do dhamhsa na hÉireann, ag rá gur shíl siad go raibh sé iontach balneann aige filleadh beag a chaitheamh. Tugadh le fíof go raibh baint mhór ag an dearcadh seo le dearcadh ar an tellfís ar an dóigh ar chóir do bhuachaillí iad a iompar agus cur le dearcadh choimhíocha. Síleadh gur chóir d'achan eagraíocht atá dáiríribh a míle dhícheall a dhéanamh le cluichí Gaelacha a chur chun cinn agus gur chóir daofa fosta cuidlú le ranganna céilí agus felseanna a chur ar bun gan a bheith ag larraldh brabús a dhéanamh nó dul i gcomórtas le grúpaí eile.

Bualc na hAthbhreochana Cultúrtha.

Dúirt an cathaoirleach gurb í 'An Streachallt Armtha bualc na hAthbheochana Cultúrtha,' agus d'fhiafraigh sé den ghrúpa an raibh siad ag teacht leis.

Chuir duine amháin ar a súile don ghrúpa go raibh díograiseoirí na teanga ag obair gan stad le blianta agus gan mórán ar a shon acu go dtí gur chuir an streachallt armtha le heolas an phobail ar a riachtanas a bheith neamhspleách go cultúrtha, go heacnamaíoch agus go polaitiúil ón Bhreatain.

Mháigh Iarphríosúnach amháin gur shíl sé nach raibh dáimh ag cuid mhór imtheorannaithe leis an chultúr Ghaelach nó leis an teanga. B'ionann na cluichí, na damhsaí, agus na gcalthimh aimsire i gcomhar le doaine eile a b'fhearr leo féin, b'ionann iad go díreach agus iad siúd a b'fhearr leis na Sasanaigh. Dúirt sé gur deacair cur ina luí ar imtheorannaithe go gcaithfeadh siad an teanga a fhoghlaim agus a úsáid le go mbeadh difir idir dearcadh cultúrtha s'againne agus dearcadh na nimpiriúalthe.

Dúirt an cathaoirleach gur mhéadaigh an streachallt artha


agus an freagra a bhí ag rialtas na Sasana agus na hÉireann dó, an t-eolas a bhí ag an phobal ar a n-oidhreacht náisiúnta agus go raibh daorsmacht cultúrtha ann. Dúradh gur taispeánadh an ceangal idir an streachallt armtha agus an teanga agus gur neartaíodh é ag Seán Sabhat a bhí ina Cheannaire ar Chomhlucht Gaeilge d'Óglaigh na hÉireann i bhfeachtas na gcaogaidí.

Dúirt fear amháin gur oibrir sé ar son na teanga roimh an streachallt seo agus lena linn agus bhí lúchair air gur aithin Gluaiseacht na Poblachta anois tábhacht an chuitiúir ó thaobh na streachallte fá choinne neamhspleáchas náisiúnta agus féinfhialthís.

Síleadh go dtáinig díograiseoirí na Gaeilge níos cóngaraí don dearcadh Phoblachtánach ó bhí an Stailc Ocras ann in 1981. Tharla seo de thairbhe gur aithin siad nach dtabharfadh na Sasanaigh cearta cultúrtha do náisiúnaithe na Sé Chontae agus go gcaithfeadh achan ghné de láithreach na Sasana a chaitheamh as Éirinn. San am chéanna b'fhearr a bhí a fhios ag Poblachtánaigh a thábhachtaí a bhí an obair ó thaobh cultúir de agus bhog siad ní ba chongarí don tseasamh a bhí díograiseoirí na teanga a ghlacadh.

CATHAOIRLEACH agus TUAIRISCEOIR: TARLACH MAC IONRACHTAIGH.

Tá Tarlach Mac Ionrachaigh ina oibrir do Shinn Féin ar chúrsaí leasa shoisialaigh i mBéal Feirste.



Title: Learning Irish: A Discussion and Information Booklet/Ag Foghlaimh na Gaeilge: Leabhrán Eolais agus Díospóireachta

Organisation: Sinn Féin

Date: 1980 c.

Downloaded from the Irish Left Archive.

Visit www.leftarchive.ie

The Irish Left Archive is provided as a non-commercial historical resource, open to all, and has reproduced this document as an accessible digital reference. Copyright remains with its original authors. If used on other sites, we would appreciate a link back and reference to the Irish Left Archive, in addition to the original creators. For re-publication, commercial, or other uses, please contact the original owners. If documents provided to the Irish Left Archive have been created for or added to other online archives, please inform us so sources can be credited.